2025/1880

15.9.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1880 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 4 Meán Fómhair 2025

maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2181 (EUMAM Mozambique/1/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 ([1]) maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAN Mozambique), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2021/1143, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique), lena n-áirítear na cinntí ábhartha maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh.

(2) An 27 Lúnasa 2024, le Cinneadh (CBES) 2024/2181 ([2]), cheap an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Briogáidire-Ghinearál Luís Fernando MACHADO BARROSO ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique.

(3) An 14 Lúnasa 2025, mhol údaráis na Portaingéile an Ceannasóir César Manuel PIRES CORREIA chun dul i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Luís Fernando MACHADO BARROSO ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique ('an ceapachán molta').

(4) An 18 Lúnasa 2025, mhol Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Ceannasóir César Manuel PIRES CORREIA ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique ón 10 Meán Fómhair 2025.

(5) An 21 Lúnasa 2025, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh sé go gceapfaí an Ceannasóir César Manuel PIRES CORREIA ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir César Manuel PIRES CORREIA a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique ón 10 Meán Fómhair 2025.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2181 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar an Ceannasóir César Manuel PIRES CORREIA a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique) ón 10 Meán Fómhair 2025.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2024/2181 a aisghairm.

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 93, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1143/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 27 Lúnasa 2024 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/1790 (EUMAM Mozambique/1/2024) (IO L, 2024/2181, 6.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2181/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 10 Meán Fómhair 2025.

Arna dhéanamh in sa Bhruiséil, an 4 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK